**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta*

**2023/0379(COD)**

11.1.2024

# ***I
# DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 a mhéid a bhaineann le raon feidhme na rialacha maidir le tagarmharcanna, úsáid tagarmharcanna san Aontas a sholáthraíonn riarthóir atá suite i dtríú tír, agus ceanglais tuairiscithe áirithe
(COM(2023)0660 – C9-0389/2023 – 2023/0379(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Jonás Fernández

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 a mhéid a bhaineann le raon feidhme na rialacha maidir le tagarmharcanna, úsáid tagarmharcanna san Aontas a sholáthraíonn riarthóir atá suite i dtríú tír, agus ceanglais tuairiscithe áirithe**
**(COM(2023)0660 – C9-0389/2023 – 2023/0379(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0660),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0154/2023),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Faoi Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], gach riarthóir tagarmharcanna, gan beann ar ábharthacht shistéamach na dtagarmharcanna sin nó ar | (2) Faoi Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], gach riarthóir tagarmharcanna, gan beann ar ábharthacht shistéamach na dtagarmharcanna sin nó ar |

an méid ionstraimí airgeadais nó conarthaí airgeadais a úsáideann na tagarmharcanna sin mar rátaí tagartha nó mar thagarmharcanna feidhmíochta, ní mór dóibh roinnt ceanglais an-mhionsonraithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear ceanglais maidir lena n-eagraíocht, a rialachas agus coinbhleachtaí leasa, maidir le feidhmeanna formhaoirseachta, maidir le sonraí ionchuir, maidir le cóid iompair, maidir le sáruithe a thuairisciú, agus maidir le nochtuithe i dtaobh ráitis modheolaíochta agus tagarmharcanna. Leis na ceanglais an-mhionsonraithe sin, cuireadh ualach rialála díréireach ar riarthóirí tagarmharcanna beaga san Aontas nuair a chuirtear aidhmeanna Rialachán (AE) 2016/1011 san áireamh, is é sin cobhsaíocht airgeadais a chosaint agus iarmhairtí eacnamaíocha diúltacha a leanann as neamhiontaofacht tagarmharcanna a sheachaint. Dá bhrí sin, is gá an t-ualach rialála sin a laghdú trí dhíriú ar na tagarmharcanna sin a ngabhann an ábharthacht eacnamaíoch is mó dóibh do mhargadh an Aontais, i.e. tagarmharcanna suntasacha agus criticiúla, agus ar na tagarmharcanna sin a rannchuidíonn ***chun*** príomhbheartais an Aontais a chur chun cinn, i.e. ***Aistriú*** Aeráide AE ***agus*** Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras. Ar an gcúis sin, ba cheart raon feidhme chur i bhfeidhm Theidil II, III, IV agus VI de Rialachán (AE) 2016/1011 a laghdú chuig na tagarmharcanna sonracha sin.

---

[4] Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus

an méid ionstraimí airgeadais nó conarthaí airgeadais a úsáideann na tagarmharcanna sin mar rátaí tagartha nó mar thagarmharcanna feidhmíochta, ní mór dóibh roinnt ceanglais an-mhionsonraithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear ceanglais maidir lena n-eagraíocht, a rialachas agus coinbhleachtaí leasa, maidir le feidhmeanna formhaoirseachta, maidir le sonraí ionchuir, maidir le cóid iompair, maidir le sáruithe a thuairisciú, agus maidir le nochtuithe i dtaobh ráitis modheolaíochta agus tagarmharcanna. Leis na ceanglais an-mhionsonraithe sin, cuireadh ualach rialála díréireach ar riarthóirí tagarmharcanna beaga san Aontas nuair a chuirtear aidhmeanna Rialachán (AE) 2016/1011 san áireamh, is é sin cobhsaíocht airgeadais a chosaint agus iarmhairtí eacnamaíocha diúltacha a leanann as neamhiontaofacht tagarmharcanna a sheachaint. Dá bhrí sin, is gá an t-ualach rialála sin a laghdú trí dhíriú ar na tagarmharcanna sin a ngabhann an ábharthacht eacnamaíoch is mó dóibh do mhargadh an Aontais, i.e. tagarmharcanna suntasacha agus criticiúla, agus ar na tagarmharcanna sin a rannchuidíonn ***le*** príomhbheartais an Aontais a chur chun cinn, i.e. ***Tagarmharcanna Aistrithe*** Aeráide AE***,*** Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras ***agus Tagarmharcanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais***. Ar an gcúis sin, ba cheart raon feidhme chur i bhfeidhm Theidil II, III, IV agus VI de Rialachán (AE) 2016/1011 a laghdú chuig na tagarmharcanna sonracha sin.

---

[4] Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus

| | |
|---|---|
| Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1). | Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1). |

Or. en

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Riarthóirí tagarmharcanna ar mian leo fanacht faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2016/1011, ba cheart an rogha a bheith acu maoirseacht dheonach a iarraidh fiú mura gcomhlíonann a dtagarmharcanna an tairseach tagarmhairc shuntasaigh nó mura bhfuil siad ainmnithe mar thagarmharc suntasach. Ar an gcaoi chéanna, maidir le riarthóirí tagarmharcanna ar mian leo ceadúnas rialála a fháil faoi Rialachán (AE) 2016/1011 i gcás nach gcomhlíonann a dtagarmharcanna an tairseach shuntasach sin, níor cheart cosc a chur orthu an méid sin a dhéanamh.*** |

Or. en

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) De bhun Airteagal 19d de Rialachán (AE) 2016/1011, ceanglaítear ar riarthóirí tagarmharcanna suntasacha féachaint le Tagarmharc Aistrithe Aeráide AE nó Tagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras a sholáthar ***faoin 1 Eanáir 2022. Ós rud é go bhfuil an dáta sin imithe thart, is iomchuí an fhoráil sin*** | (4) De bhun Airteagal 19d de Rialachán (AE) 2016/1011, ceanglaítear ar riarthóirí tagarmharcanna suntasacha féachaint le Tagarmharc Aistrithe Aeráide AE nó Tagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras a sholáthar ***mar iarracht chun soláthar cuimsitheach innéacsanna aeráide a fhorbairt san*** |

| | |
|---|---|
| ***a scriosadh.*** | ***Aontas.*** |

Or. en

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) ***Is iad*** riarthóirí tagarmharcanna ***is fearr chun*** faireachán a dhéanamh ar úsáid na dtagarmharcanna a sholáthraíonn siad san Aontas***. Dá bhrí sin, ba cheart dóibh*** fógra a thabhairt don údarás inniúil lena mbaineann nó don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), ag brath ar an áit a bhfuil an riarthóir sin ***suite***, gur sháraigh úsáid chomhiomlán ceann dá dtagarmharcanna an tairseach a leagtar síos in Airteagal 24(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/1011. Chun a áirithiú ***go mbeidh am leordhóthanach ag riarthóirí tagarmharcanna chun oiriúnú a dhéanamh do na ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le tagarmharcanna suntasacha***, ***níor cheart iad a bheith faoi réir na gceanglas sin ach laistigh de 60 lá oibre tar éis fógra den sórt sin a chur isteach. Ina theannta sin,*** ba cheart do ***riarthóirí tagarmharcanna an fhaisnéis uile is gá chun measúnú a dhéanamh ar úsáid chomhiomlán an tagarmhairc sin san Aontas a sholáthar do na húdaráis inniúla lena mbaineann nó do ESMA, arna iarraidh sin dóibh. I gcás nach ndéanann nó ina ndiúltaíonn riarthóir tagarmharcanna fógra a thabhairt gur sháraigh úsáid ceann dá thagarmharcanna an tairseach a leagtar síos in Airteagal 24(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/1011, agus i gcás ina bhfuil foras soiléir agus inléirithe ag údaráis inniúla chun a mheas gur sáraíodh an tairseach,*** ba cheart ***do*** na ***húdaráis inniúla lena mbaineann nó do*** | (6) ***Ba cheart do*** riarthóirí tagarmharcanna faireachán a dhéanamh ar úsáid na dtagarmharcanna a sholáthraíonn siad san Aontas ***agus*** fógra a thabhairt don údarás inniúil lena mbaineann nó don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), ag brath ar an áit a bhfuil an riarthóir sin ***lonnaithe***, gur sháraigh úsáid chomhiomlán ceann dá dtagarmharcanna an tairseach a leagtar síos in Airteagal 24(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/1011. ***Mar sin féin, tá sé dúshlánach an tairseach sin a ríomh, go háirithe ós rud é go bhfuil sí teoranta do raon feidhme an Aontais.*** Chun ***cur chun feidhme comhsheasmhach na dtairseach sin*** a áirithiú, ba cheart do ***ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun an modh ríofa a shonrú tuilleadh.*** Ba cheart na ***sonraí a bheith ar fáil do ESMA trí shásra tuairiscithe a thabhairt isteach ag úsáideoirí*** tagarmharcanna agus ***trína cheangal ar riarthóirí tagarmharcanna*** a ***úsáidtear san Aontas iarracht a dhéanamh nó trí oibleagáid a chur orthu cód aitheantóra arna chomhaontú go domhanda a iarraidh chun a dtagarmharcanna a shainaithint.*** |

***ESMA, de réir mar is iomchuí, a bheith in ann a dhearbhú gur sáraíodh an tairseach, tar éis deis a thabhairt don riarthóir ar dtús éisteacht a fháil. Le dearbhú den sórt sin, ba cheart na hoibleagáidí céanna a spreagadh don riarthóir*** tagarmharcanna agus a ***spreagfaí le fógra ón riarthóir tagarmharcanna. Ba cheart é sin a bheith gan dochar do chumas ESMA ná na n-údarás inniúil smachtbhannaí riaracháin a fhorchur ar na riarthóirí sin nach dtugann fógra gur sháraigh ceann dá dtagarmharcanna an tairseach is infheidhme.***

Or. en

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) Chun a áirithiú go mbeidh am leordhóthanach ag riarthóirí tagarmharcanna oiriúnú do na ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le tagarmharcanna suntasacha, níor cheart iad a bheith faoi réir na gceanglas sin ach amháin ó 60 lá oibre tar éis an fhógra sin a chur isteach. Ina theannta sin, ba cheart do riarthóirí tagarmharcanna an fhaisnéis uile is gá chun measúnú a dhéanamh ar úsáid chomhiomlán an tagarmhairc sin san Aontas a sholáthar do na húdaráis inniúla lena mbaineann nó do ESMA, arna iarraidh sin dóibh.*** |

Or. en

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6b) I gcás nach dtugann riarthóir tagarmharcanna fógra do na húdaráis inniúla gur sháraigh úsáid ceann dá thagarmharcanna an tairseach a leagtar síos in Airteagal 24(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/1011, agus i gcás ina bhfuil forais shoiléire agus inléirithe ag údaráis inniúla chun a mheas gur sáraíodh an tairseach, ba cheart do na húdaráis inniúla lena mbaineann nó do ESMA, de réir mar is iomchuí, a bheith in ann a dhearbhú gur sáraíodh an tairseach, tar éis deis a thabhairt don riarthóir ar dtús éisteacht a fháil. Leis an dearbhú sin, ba cheart go spreagfaí na hoibleagáidí céanna ar an riarthóir tagarmharcanna agus a spreagfaí le fógra ón riarthóir tagarmharcanna. Ba cheart é sin a bheith gan dochar do chumas ESMA ná na n-údarás inniúil pionóis riaracháin a fhorchur ar riarthóirí nach dtugann fógra gur sháraigh ceann dá dtagarmharcanna an tairseach is infheidhme.*** |

Or. en

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Is catagóirí sonracha tagarmharcanna iad Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras, arna sainiú ***ag a gcomhlíontacht le*** rialacha lena rialaítear a modheolaíocht agus ***na nochtuithe nach mór dá riarthóirí a dhéanamh***. Ar an gcúis sin, agus chun cosc a chur ar éilimh a d'fhéadfadh a thabhairt le fios d'úsáideoirí | (12) Is catagóirí sonracha tagarmharcanna iad Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras, arna sainiú ***de réir mar a chomhlíonann siad*** rialacha lena rialaítear a modheolaíocht agus ***ceanglais a riarthóra maidir le nochtadh***. Ar an gcúis sin, agus chun cosc a chur ar éilimh a d'fhéadfadh a thabhairt le fios d'úsáideoirí |

| | |
|---|---|
| go gcomhlíonann na tagarmharcanna sin na caighdeáin a ghabhann leis na lipéid sin, is gá na tagarmharcanna sin a chur faoi réir clárú nó ***údarú*** sainordaitheach, de réir mar is iomchuí, agus faoi réir maoirseachta. | go gcomhlíonann na tagarmharcanna sin na caighdeáin a ghabhann leis na lipéid sin, is gá na tagarmharcanna sin a chur faoi réir clárú***, údarú, aitheantas*** nó ***formhuiniú*** sainordaitheach, de réir mar is iomchuí, agus faoi réir maoirseachta. |

Or. en

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Ba cheart láimhseáil rialála na dtagarmharcanna tráchtearraí a chur in oiriúint dá saintréithe sonracha. Ba cheart tagarmharcanna tráchtearraí faoi réir na rialacha ginearálta maidir le tagarmharcanna airgeadais a láimhseáil ar bhealach comhionann le tagarmharcanna airgeadais eile agus níor cheart iad a chumhdach le Rialachán (AE) 2016/1011 ach amháin más tagarmharcanna suntasacha nó criticiúla iad agus nár díolmhaíodh ó raon feidhme an Rialacháin seo iad. Ba cheart tagarmharcanna tráchtearraí faoi réir an chórais shonraigh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1011 a chumhdach i gcónaí leis an Rialachán sin chun stóinseacht agus iontaofacht a measúnuithe a áirithiú.*** |

Or. en

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20a) Le Rialachán (AE) 2019/2089, tugadh isteach rialacha maidir le trédhearcacht tagarmharcanna lena maítear, agus cumarsáid dhlíthiúil á margú acu, go gcuirtear tosca comhshaoil, sóisialta nó rialachais i gcuntas ina ndearadh. Chun ardleibhéal trédhearcachta maidir le héilimh a bhaineann le tosca comhshaoil, sóisialta nó rialachais agus leibhéal leormhaith cosanta d'úsáideoirí a choinneáil, is iomchuí a cheangal ar úsáideoirí tagarmharcanna a dhéanann éilimh a bhaineann le tosca comhshaoil, sóisialta nó rialachais gan na tagarmharcanna sin a úsáid nuair nach soláthraítear dóibh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 13(1), pointe d, agus 27(2a) de Rialachán (AE) 2016/1011. Ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin maidir le húsáid aon tagarmhairc lena maítear go gcuirtear tosca comhshaoil, sóisialta nó rialachais i gcuntas ina dhearadh, gan beann ar an ndéantar an tagarmharc sin a riar san Aontas nó i dtríú tír.*** |

Or. en

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Chun aistriú saoráideach chuig na rialacha arna dtabhairt isteach faoin Rialachán seo a áirithiú ***agus chun nach mbeidh ar riarthóirí dul trí nós imeachta um chlárú nó údarú níos mó ná uair amháin***, ba cheart ***d'údaráis inniúla agus*** do ***ESMA nósanna imeachta um iarratas nach bhfuil an t-ualach céanna ag baint leo a sholáthar do*** riarthóirí atá ***údaraithe,*** | (21) Chun aistriú saoráideach chuig na rialacha arna dtabhairt isteach faoin Rialachán seo a áirithiú, ba cheart do riarthóirí ***a ndearnadh maoirseacht orthu roimhe seo faoi Rialachán (AE) 2016/1011 na cláruithe, na húdaruithe, na haitheantais nó na formhuinithe*** atá ***ann*** cheana ***a choinneáil go ceann 6 mhí tar éis theacht*** i bhfeidhm |

| | |
|---|---|
| ***cláraithe, formhuinithe nó aitheanta*** cheana ***féin agus a dhéanann iarratas ar údarú, clárú, formhuiniú nó aitheantas nua laistigh de 2 bhliain ó dháta chur*** i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo. | an Rialacháin leasaithigh seo. ***Tá sé beartaithe leis an tréimhse ama sin deis a thabhairt d'údaráis inniúla nó do ESMA a chinneadh an n-ainmneofar aon cheann de na riarthóirí a ndearnadh maoirseacht orthu roimhe sin i gcomhréir leis an Rialachán seo. Má ainmneofar iad, ba cheart cead a thabhairt do riarthóirí a údaraíodh, a cláraíodh, ar tugadh aitheantas dóibh nó a formhuiníodh roimhe sin a stádas roimhe sin a choinneáil agus gan a bheith orthu iarratas a dhéanamh an athuair. Ba cheart cead a bheith ag riarthóirí tagarmharcanna suntasacha, in aon chás, a stádas mar riarthóirí tagarmharcanna cláraithe, údaraithe, aitheanta nó formhuinithe a choinneáil.*** |

Or. en

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 2 – mír 1a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1a. Níl feidhm ag Teidil II**,** III, IV agus VI ach amháin i leith tagarmharcanna criticiúla, tagarmharcanna suntasacha, Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE ***agus*** Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras.; | 1a. Níl feidhm ag Teidil II ***agus*** III, ***cé is moite d'Airteagail 23a go 23d, ná ag Teidil*** IV agus VI ach amháin i leith tagarmharcanna criticiúla, tagarmharcanna suntasacha, tagarmharcanna ***tráchtearraí faoi réir Iarscríbhinn II, Tagarmharcanna*** Aistrithe Aeráide AE**,** Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras ***agus Tagarmharcanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais***.; |

Or. en

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe b**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 2 – mír 2 – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i mír 2, scriostar ***pointí*** (***g) agus (***i); | (b) i mír 2, scriostar ***pointe*** (i); |

Or. en

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe -a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 17 – pointe m

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) i bpointe (17), leasaítear pointe (m) mar a leanas:*** |
| (m) riarthóir; | ***'***(m) riarthóir ***atá údaraithe nó cláraithe de bhun Airteagal 34***;***'*** |

Or. en

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:02016R1011-20220101)*

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe a a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 23ca (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) cuirtear pointe (23ca) leis:*** |
| | ***(23ca) ciallaíonn 'Tagarmharc comhshaoil, sóisialta agus rialachais' tagarmharc lena saothraítear cuspóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais agus lena gcomhlíontar na ceanglais maidir le*** |

| | |
|---|---|
| | ***nochtadh de bhun Airteagal 13(1)(d) agus Airteagal 27(2a).*** |

Or. en

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 19 – mír 1 – fomhír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) in Airteagal 19(1), leasaítear an dara fomhír mar a leanas:*** |
| Ní bheidh feidhm ag Airteagal ***24, Airteagal 25 agus Airteagal 26*** maidir le soláthar tagarmharcanna tráchtearraí ná le rannchuidiú leo. | ***'***Ní bheidh feidhm ag Airteagal ***25*** maidir le soláthar tagarmharcanna tráchtearraí ná le rannchuidiú leo.***'*** |

Or. en

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:02016R1011-20220101)*

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – an chuid réamhráiteach**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 19a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) in Airteagal 19a, cuirtear ***isteach an mhír 4*** seo a leanas: | (9) in Airteagal 19a, cuirtear ***na míreanna*** seo a leanas ***leis***: |

Or. en

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 19a – mír 4 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Riarthóirí nach bhfuil ***údaraithe ná cláraithe de bhun*** Airteagal ***34***, ní dhéanfaidh siad ***na nithe*** seo a leanas: | 4. Riarthóirí nach bhfuil ***ar áireamh sa chlár dá dtagraítear in*** Airteagal ***36***, ní dhéanfaidh siad ***an méid*** seo a leanas: |

Or. en

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 19a – mír 4 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE nó Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras a sholáthar; | (a) Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE nó Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras a sholáthar ***nó a fhormhuiniú***; |

Or. en

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 19a – mír 4a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Cuirfidh riarthóirí an téarma 'EU CTB' in ainm Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus an téarma 'EU PAB' in ainm Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras.*** |

Or. en

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 19d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(10) Scriostar Airteagal 19d;*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 19d – mír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10 a) leasaítear Airteagal 19d(1) mar a leanas:*** |
| ***Faoin 1 Eanáir 2022,*** riarthóirí atá lonnaithe san Aontas agus a sholáthraíonn tagarmharcanna suntasacha arna gcinneadh ar bhonn luach ceann amháin nó níos mó de shócmhainní nó de phraghsanna forluiteacha, déanfaidh siad iarracht ceann amháin nó níos mó de Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE a sholáthar. | ***'***Riarthóirí atá lonnaithe san Aontas agus a sholáthraíonn tagarmharcanna suntasacha arna gcinneadh ar bhonn luach ceann amháin nó níos mó de shócmhainní nó de phraghsanna forluiteacha, déanfaidh siad iarracht ceann amháin nó níos mó de Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE ***nó Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras*** a sholáthar.***'*** |

Or. en

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:02016R1011-20220101)*

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 b (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 19da (nua)

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(10b) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:*** |
| | ***'Airteagal 19da*** |
| | ***Cuir teideal an Airteagail isteach anseo*** |
| | ***1. Riarthóirí nach bhfuil údaraithe ná cláraithe de bhun Airteagal 34, nó nach dtugtar aitheantas dóibh de bhun Airteagal 32, ní dhéanfaidh siad na nithe seo a leanas:*** |
| | ***(a) tagarmharcanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais a sholáthar nó a fhormhuiniú; nó*** |
| | ***(b) a chur in iúl nó a thabhairt le fios, in ainm na dtagarmharcanna a chuireann siad ar fáil lena n-úsáid san Aontas nó sa doiciméadacht dhlíthiúil nó mhargaíochta le haghaidh na dtagarmharcanna sin, go saothraíonn na tagarmharcanna a chuireann siad ar fáil cuspóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais nó go gcuirtear tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais i gcuntas leo.*** |
| | ***2. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun comhchaighdeáin a shonrú maidir le hainmneacha Tagarmharcanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais.*** |
| | ***Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |
| | ***Tarmligtear cumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.'*** |

Or. en

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 24 – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an tagarmharc ***a úsáidtear*** go díreach nó go hindíreach i dteaglaim de thagarmharcanna laistigh den Aontas mar thagairt le haghaidh ionstraimí airgeadais nó conarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas, ag a bhfuil meánluach iomlán EUR ***50*** billiún ar a laghad, ar bhonn ***raon iomlán aibíochtaí nó éirimí*** an tagarmhairc***, i gcás inarb infheidhme, in imeacht tréimhse 6 mhí;*** | (a) ***úsáidtear*** an tagarmharc go díreach nó go hindíreach i dteaglaim de thagarmharcanna laistigh den Aontas mar thagairt le haghaidh ionstraimí airgeadais nó conarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas, ag a bhfuil meánluach iomlán EUR ***30*** billiún ar a laghad, ar bhonn ***shaintréithe*** an tagarmhairc ***lena n-áirítear:*** |
| | ***(i) raon iomlán aibíochtaí nó éirimí an tagarmhairc, i gcás inarb infheidhme, thar thréimhse 6 mhí;*** |
| | ***(ii) airgeadraí uile nó aonaid tomhais eile an tagarmhairc, i gcás inarb infheidhme, thar thréimhse 6 mhí; agus*** |
| | ***(iii) na modheolaíochtaí uile chun torthaí a ríomh, i gcás inarb infheidhme, thar thréimhse 6 mhí;*** |

Or. en

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 24 – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfaidh riarthóir fógra láithreach d’údarás inniúil an Bhallstáit ***ina bhfuil sé suite nó***, ***má tá sé suite*** i ***dtríú tír, do ESMA, i*** gcás ina sáraíonn ceann amháin nó níos mó de thagarmharcanna an | Tabharfaidh riarthóir fógra láithreach ***do ESMA agus, má tá sé lonnaithe i mBallstát,*** d’údarás inniúil an Bhallstáit ***sin***, i gcás ina sáraíonn ceann amháin nó níos mó de thagarmharcanna an riarthóra |

| | |
|---|---|
| riarthóra sin an tairseach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a). Tar éis an fógra sin a fháil, foilseoidh ***an t-údarás inniúil nó*** ESMA***, de réir mar is iomchuí,*** ráiteas ar a shuíomh gréasáin lena sonrófar go bhfuil an tagarmharc sin suntasach. | sin an tairseach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a). Tar éis ***dó*** an fógra sin a fháil, foilseoidh ESMA ráiteas ar a shuíomh gréasáin lena sonrófar go bhfuil an tagarmharc sin suntasach ***i mBallstát amháin nó laistigh den Aontas***. |

Or. en

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 24 – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Arna iarraidh sin do riarthóir, soláthróidh sé faisnéis d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil sé ***suite nó***, ***má tá sé suite i dtríú tír, do ESMA,*** a mhéid a bhaineann le cé acu a sáraíodh nó nár sáraíodh an tairseach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) go héifeachtach. | Arna iarraidh sin do riarthóir, soláthróidh sé faisnéis ***do ESMA agus*** d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil sé ***lonnaithe***, a mhéid a bhaineann le cé acu a sáraíodh nó nár sáraíodh an tairseach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) go héifeachtach. |

Or. en

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 24 – mír 2 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina bhfuil ***foras soiléir*** agus inléirithe ag údarás inniúil nó***, i gcás riarthóir tríú tír,*** ag ESMA, chun a mheas go sáraíonn tagarmharc an tairseach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), féadfaidh an t-údarás inniúil nó ESMA fógra a eisiúint lena gcuirtear an ***fíoras*** sin in iúl. ***Le fógra den sórt*** sin, spreagfar na hoibleagáidí | I gcás ina bhfuil ***forais shoiléire*** agus inléirithe ag údarás inniúil nó ag ESMA, chun a mheas go sáraíonn tagarmharc an tairseach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), féadfaidh an t-údarás inniúil nó ESMA fógra a eisiúint lena gcuirtear an ***méid*** sin in iúl. ***Leis an bhfógra*** sin, spreagfar na hoibleagáidí céanna ***ar an*** riarthóir |

| | |
|---|---|
| céanna ***don*** riarthóir tagarmharcanna agus a spreagfaí le fógra dá dtagraítear i mír 2. 10 lá oibre ar a laghad sula n-eiseofar fógra den sórt sin, cuirfidh an t-údarás inniúil nó ESMA riarthóir an tagarmhairc lena mbaineann ar an eolas faoina thorthaí, agus iarrfaidh sé ar an riarthóir sin aon bharúil a chur faoina bhráid. | tagarmharcanna agus a spreagfaí le fógra dá dtagraítear i mír 2. 10 lá oibre ar a laghad sula n-eiseofar fógra den sórt sin, cuirfidh an t-údarás inniúil nó ESMA riarthóir an tagarmhairc lena mbaineann ar an eolas faoina thorthaí, agus iarrfaidh sé ar an riarthóir sin aon bharúil a chur faoina bhráid. |

Or. en

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 24 – mír 3 – fomhír 1 – pointe (c)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) níor ainmnigh údarás inniúil Ballstáit eile an tagarmharc. | (c) níor ainmnigh údarás inniúil Ballstáit eile ***nó ESMA*** an tagarmharc. |

Or. en

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 24 – mír 5 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina suífidh ESMA go gcomhlíonann tagarmharc na coinníollacha faoi mhír 3, an chéad ***mhír***, pointí (a) go (c), i níos mó ná Ballstát amháin, cuirfidh sé údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann ar an eolas faoi sin. ***Tiocfaidh siad ar chomhaontú faoi cé acu díobh a ainmneoidh an tagarmharc lena mbaineann mar thagarmharc suntasach.*** | I gcás ina suífidh ESMA go gcomhlíonann tagarmharc na coinníollacha faoi mhír 3, an chéad ***fhomhír***, pointí (a) go (c), i níos mó ná Ballstát amháin, cuirfidh sé údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann ar an eolas faoi sin. |

Or. en

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 24 – mír 5 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina ***n-easaontaíonn údaráis*** inniúla faoin ***ábhar dá dtagraítear sa chéad fhomhír, treoróidh siad an t-ábhar chuig ESMA agus socróidh ESMA an t-easaontas sin i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.*** | ***Ullmhóidh ESMA dréachtchinneadh chun an tagarmharc a ainmniú mar thagarmharc suntasach laistigh den Aontas agus tabharfaidh sé fógra faoin dréachtchinneadh sin don riarthóir lena mbaineann agus do na húdaráis inniúla ábhartha*** i gcás ina ***bhfuil feidhm ag pointe (b). Beidh 15 lá oibre ag na riarthóirí lena mbaineann agus ag na húdaráis*** inniúla ***ábhartha ón dáta a dtugtar fógra*** faoin ***dréachtchinneadh chun barúlacha agus tráchtanna a chur ar fáil i scríbhinn. Déanfaidh ESMA breithniú cuí ar na barúlacha agus na tráchtanna sin sula nglacfaidh sé cinneadh críochnaitheach agus foilseoidh sé an cinneadh sin.*** |

Or. en

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 24 – mír 6 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tagarmharc arna sholáthar ag riarthóir atá ***suite*** i dtríú tír nach gcomhlíonann an tairseach a leagtar síos i mír 1, pointe (a), féadfaidh ESMA, arna iarraidh sin d'údarás inniúil, é a ainmniú mar thagarmharc suntasach i gcás ina ***gcomhlíonfaidh*** an tagarmharc sin na | Tagarmharc arna sholáthar ag riarthóir atá ***lonnaithe*** i dtríú tír nach gcomhlíonann an tairseach a leagtar síos i mír 1, pointe (a), féadfaidh ESMA, arna iarraidh sin d'údarás inniúil ***nó ar a thionscnamh féin***, é a ainmniú mar thagarmharc suntasach i gcás ina ***gcomhlíonann*** an tagarmharc sin |

| | |
|---|---|
| coinníollacha seo a leanas uile: | na coinníollacha seo a leanas uile: |

Or. en

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 24 – mír 6 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Riarthóirí tagarmharcanna nach gcomhlíonann na ceanglais lena meas mar thagarmharcanna criticiúla, tagarmharcanna suntasacha, tagarmharcanna tráchtearraí faoi réir Iarscríbhinn II, Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE, Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras nó mar Thagarmharcanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh dá ndeoin féin ar rochtain ar an gclár dá bhforáiltear in Airteagal 36 trí údarú, clárú, aitheantas nó formhuiniú.*** |
| | ***Beidh riarthóirí a roghnaíonn an Rialachán seo dá ndeoin féin faoi réir an chórais chéanna le riarthóirí tagarmharcanna suntasacha. Le rannpháirtíocht deonach sa córas sin, ní chuirfear cosc ar na freagrachtaí riaracháin comhfhreagracha a fhorchur i gcás neamhchomhlíonadh nó sárú Rialachán (AE) 2016/1011 le linn a rannpháirtíochta deonaí sa chlár dá bhforáiltear in Airteagal 36.*** |

Or. en

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 24 – mír 7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. ***Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 49*** chun ***tuilleadh sonraíochtaí a thabhairt maidir leis*** an ***modh ríomha a úsáidfear chun an tairseach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) den Airteagal*** seo a ***chinneadh i bhfianaise forbairtí sa mhargadh agus i bpraghsanna agus i bhfianaise forbairtí rialála.*** | 7. ***Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála*** chun an ***méid*** seo a ***leanas a shonrú:*** |
| | ***(i) an modh ríofa, lena n-áirítear foinsí sonraí a d'fhéadfadh a bheith ann, atá le húsáid chun an tairseach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) den Airteagal seo a chinneadh;*** |
| | ***(ii) na critéir chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an sáraíonn tagarmharc an tairseach dá dtagraítear in Airteagal 24(1), pointe (a), i mBallstát amháin nó ar fud an Aontais;*** |
| | ***(iii) an fhaisnéis a chuirfidh na húdaráis inniúla ar fáil nuair a rachaidh siad i gcomhairle le ESMA mar a cheanglaítear le hAirteagal 24(3);*** |
| | ***(iv) na critéir dá dtagraítear in Airteagal 24(4), pointe (b), agus aon sonraí lena gcabhraítear le measúnú a dhéanamh ar an tionchar suntasach agus díobhálach atá ag scor an tagarmhairc nó ag neamhiontaofacht an tagarmhairc ar shláine an mhargaidh, ar chobhsaíocht airgeadais, ar thomhaltóirí, ar an bhfíorgheilleagar nó ar mhaoiniú teaghlach agus gnólachtaí i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit á chur i gcuntas.*** |
| | ***Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |
| | ***Tarmligtear cumhacht chuig an*** |

| | |
|---|---|
| | ***gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.*** |

Or. en

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 24a – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Laistigh de 60 lá oibre tar éis an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 24(2), riarthóir tagarmhairc a chomhlíonann an critéar dá dtagraítear i mír (1), pointe (a), den Airteagal sin, lorgóidh sé údarú nó clárú le húdarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil sé ***suite***. I gcás ina bhfuil an riarthóir sin ***suite*** i dtríú tír ***agus mura rud é go gcumhdaítear*** an ***tagarmharc lena mbaineann le cinneadh coibhéise arna ghlacadh de bhun Airteagal 30, lorgóidh an*** riarthóir sin ***ceachtar de na nithe seo a leanas*** laistigh de 60 lá oibre tar éis an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 24(2): | (1) Laistigh de 60 lá oibre tar éis an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 24(2) ***a thabhairt***, riarthóir tagarmhairc a chomhlíonann an critéar dá dtagraítear i mír (1), pointe (a), den Airteagal sin, lorgóidh sé údarú nó clárú le húdarás inniúil an Bhallstáit***, i gcás*** ina bhfuil sé ***suntasach sa Bhallstát sin, nó le ESMA, i gcás ina bhfuil an tagarmharc suntasach laistigh den Aontas***. I gcás ina bhfuil an riarthóir sin ***lonnaithe*** i dtríú tír***, déanfaidh*** an riarthóir sin***,*** laistigh de 60 lá oibre tar éis an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 24(2) ***a thabhairt, iarratas chuig ESMA ar cheachtar de na nithe seo a leanas***: |

Or. en

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 24a – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) aitheantas ***le ESMA*** de bhun an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 32; | (a) aitheantas de bhun an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 32; |

Or. en

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 24a – mír 2a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Laistigh de 60 lá oibre tar éis ainmniúchán dá dtagraítear in Airteagal 24(5), lorgóidh riarthóir an tagarmhairc lena mbaineann údarú nó clárú le ESMA i gcomhréir le hAirteagal 34, mura rud é go bhfuil an riarthóir sin údaraithe nó cláraithe cheana féin. Má tá an riarthóir sin údaraithe nó cláraithe cheana féin i mBallstát, aistreofar an t-údarú nó an clárú sin chuig ESMA.*** |

Or. en

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 24a – mír 3 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Laistigh de 60 lá oibre tar éis ainmniúchán dá dtagraítear in Airteagal 24(6), ***lorgóidh*** riarthóir an tagarmhairc lena mbaineann ***ceachtar*** de na nithe seo a leanas***, mura rud é go*** | (3) Laistigh de 60 lá oibre tar éis ainmniúchán dá dtagraítear in Airteagal 24(6), ***déanfaidh*** riarthóir an tagarmhairc lena mbaineann***, iarratas chuig ESMA ar cheachtar*** de na nithe seo |

| | |
|---|---|
| ***gcumhdaítear an tagarmharc lena mbaineann le cinneadh coibhéise arna ghlacadh de bhun Airteagal 30***: | a leanas: |

Or. en

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 24a – mír 3 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) aitheantas ***le ESMA*** de bhun an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 32; | (a) aitheantas de bhun an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 32; |

Or. en

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 24a – mír 5 – fomhír 1 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) Rinne ESMA aitheantas an riarthóra lena mbaineann a tharraingt siar nó a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal ***34(6***); | (d) Rinne ESMA aitheantas an riarthóra lena mbaineann a tharraingt siar nó a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal ***32(8***); |

Or. en

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 28 – mír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) leasaítear Airteagal 28, mír 2, mar a leanas:*** |
| 2. Déanfaidh eintitis faoi mhaoirseacht, nach riarthóir amhail dá dtagraítear i mír 1 iad, a úsáideann tagarmharc, pleananna láidre i scríbhinn a chur ar fáil agus a chothabháil ina leagtar amach na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh siad i gcás ina n-athraítear tagarmharc go hábhartha nó ina scoireann sé de bheith á sholáthar. I gcás inarb indéanta agus iomchuí sin, déanfar tagarmharc malartach amháin nó roinnt tagarmharcanna malartacha a ainmniú sna pleananna sin, ar tagarmharcanna iad a bhféadfaí tagairt dóibh chun teacht in ionad tagarmharcanna nach mbeadh á soláthar a thuilleadh, ina léirítear na cúiseanna maidir le hoiriúnacht tagarmharcanna malartacha den sórt sin. Soláthróidh na heintitis faoi mhaoirseacht, arna iarraidh sin orthu agus gan moill mhíchuí, na pleananna sin mar aon le haon nuashonruithe don údarás inniúil ábhartha agus déanfar iad a léiriú ***ina gcaidreamh conarthach leis na cliaint***. | ‘2. Déanfaidh eintitis faoi mhaoirseacht, nach riarthóir amhail dá dtagraítear i mír 1 iad, a úsáideann tagarmharc, pleananna láidre i scríbhinn a chur ar fáil agus a chothabháil ina leagtar amach na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh siad i gcás ina n-athraítear tagarmharc go hábhartha nó ina scoireann sé de bheith á sholáthar. I gcás inarb indéanta agus iomchuí sin, déanfar tagarmharc malartach amháin nó roinnt tagarmharcanna malartacha a ainmniú sna pleananna sin, ar tagarmharcanna iad a bhféadfaí tagairt dóibh chun teacht in ionad tagarmharcanna nach mbeadh á soláthar a thuilleadh, ina léirítear na cúiseanna maidir le hoiriúnacht tagarmharcanna malartacha den sórt sin. Soláthróidh na heintitis faoi mhaoirseacht, arna iarraidh sin orthu agus gan moill mhíchuí, na pleananna sin mar aon le haon nuashonruithe don údarás inniúil ábhartha agus déanfar iad a léiriú ***i bhforálacha cúltaca conarthacha is infheidhme maidir le conarthaí airgeadais, ionstraimí airgeadais agus cistí infheistíochta***.’ |

Or. en

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:02016R1011-20220101)*

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe a**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 29 – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Úsáid tagarmharcanna suntasacha, Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE ***agus*** Tagarmharcanna AE atá ailínithe le | Úsáid tagarmharcanna ***criticiúla, tagarmharcanna*** suntasacha, tagarmharcanna ***tráchtearraí faoi réir Iarscríbhinn II, Tagarmharcanna*** |

| | |
|---|---|
| Comhaontú Pháras; | Aistrithe Aeráide AE**,** Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras ***agus Tagarmharcanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais***; |

Or. en

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní chuirfidh eintiteas faoi mhaoirseacht tagairtí nua le tagarmharc suntasach nó le teaglaim de thagarmharcanna den sórt sin san Aontas i gcás ina bhfuil an tagarmharc sin nó an teaglaim de thagarmharcanna sin ina ábhar d'fhógra poiblí arna eisiúint ag ESMA nó ag údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 24a(5). Ní chuirfidh eintiteas faoi mhaoirseacht tagairtí nua le Tagarmharc Aistrithe Aeráide AE ***ná*** le Tagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras ná le teaglaim de ***thagarmharcanna den sórt*** sin san Aontas i gcás nach ***n-áirítear*** riarthóir na dtagarmharcanna sin sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 36. | Ní chuirfidh eintiteas faoi mhaoirseacht tagairtí nua le tagarmharc ***criticiúil, le tagarmharc*** suntasach nó le teaglaim de thagarmharcanna den sórt sin san Aontas i gcás ina bhfuil an tagarmharc sin nó an teaglaim de thagarmharcanna sin ina ábhar ***nó ina hábhar*** d'fhógra poiblí arna eisiúint ag ESMA nó ag údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 24a(5). Ní chuirfidh eintiteas faoi mhaoirseacht tagairtí nua le tagarmharc ***criticiúil, le tagarmharc tráchtearraí faoi réir Iarscríbhinn II, le Tagarmharc*** Aistrithe Aeráide AE**,** le Tagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras***, le Tagarmharc comhshaoil, sóisialta agus rialachais*** ná le teaglaim de ***na tagarmharcanna*** sin san Aontas i gcás nach ***bhfuil*** riarthóir na dtagarmharcanna sin ***ar áireamh*** sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 36. |

Or. en

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceadóidh eintitis faoi mhaoirseacht an tIonad Eorpach Ilfhreastail Aonair (ESAP) dá dtagraítear in Airteagal 28a, nó clár ESMA dá dtagraítear in Airteagal 36, go tráthrialta chun fíorú a dhéanamh ar stádas rialála na riarthóirí a riarann tagarmharcanna suntasacha, Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE ***nó*** Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras a bheartaíonn siad a úsáid. | Ceadóidh eintitis faoi mhaoirseacht an tIonad Eorpach Ilfhreastail Aonair (ESAP) dá dtagraítear in Airteagal 28a, nó clár ESMA dá dtagraítear in Airteagal 36, go tráthrialta chun fíorú a dhéanamh ar stádas rialála na riarthóirí a riarann tagarmharcanna ***criticiúla, tagarmharcanna*** suntasacha, tagarmharcanna ***tráchtearraí faoi réir Iarscríbhinn II, Tagarmharcanna*** Aistrithe Aeráide AE***,*** Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras ***nó Tagarmharcanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais*** a bheartaíonn siad a úsáid. |

Or. en

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe c**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 29 – mír 1a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***1a***. Eintiteas faoi mhaoirseacht a úsáideann tagarmharc i gconarthaí airgeadais nó ionstraimí airgeadais atá ann cheana atá faoi réir fógra poiblí faoi Airteagal 24a(5), cuirfidh sé rogha mhalartach iomchuí in ionad an tagarmhairc sin laistigh de 6 mhí tar éis an fógra sin a bheith foilsithe, nó eiseoidh agus foilseoidh sé ráiteas ar a shuíomh gréasáin lena gcuirfear a chliaint ar an eolas nach bhfuil rogha mhalartach iomchuí ann.; | ***1b***. Eintiteas faoi mhaoirseacht a úsáideann tagarmharc i gconarthaí airgeadais nó ionstraimí airgeadais atá ann cheana atá faoi réir fógra poiblí faoi Airteagal 24a(5), cuirfidh sé rogha mhalartach iomchuí in ionad an tagarmhairc sin laistigh de 6 mhí tar éis an fógra sin a bheith foilsithe, nó eiseoidh agus foilseoidh sé ráiteas ar a shuíomh gréasáin lena gcuirfear a chliaint ar an eolas nach bhfuil rogha mhalartach iomchuí ann.; |

Or. en

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 14 – pointe c a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 29 – mír 1c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*** |
| | ***1c. Ní fhéadfaidh eintiteas faoi mhaoirseacht úsáid a bhaint as tagarmharc lena maítear, ina dhoiciméadacht dhlíthiúil nó mhargaíochta, nó ina ainmníocht, go gcuirtear tosca comhshaoil, sóisialta nó rialachais i gcuntas ina mhodheolaíocht, ach amháin i gcás ina nochtann a riarthóir an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 13(1), pointe (d), agus in Airteagal 27(2a). Beidh feidhm ag an mír seo maidir le tagarmharcanna de chuid an Aontais agus tagarmharcanna nach de chuid an Aontais iad araon.*** |

Or. en

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe c b (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 29 – mír 1d (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*** |
| | ***1d. Tuairisceoidh eintitis faoi mhaoirseacht ar bhonn bliantúil ar a laghad do ESMA maidir le leibhéal úsáide na dtagarmharcanna atá faoi réir an Rialacháin seo, i gcomhréir leis na critéir a shonraítear in Airteagal 24(7).*** |

Or. en

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe c c (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 29 – mír 1e (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cc) cuirtear mír 1e nua isteach:*** |
| | ***1e. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun sonrú breise a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá le soláthar sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1c, tréimhsiúlacht na tuarascála agus an fhormáid ina n-ullmhóidh na heintitis faoi mhaoirseacht í.*** |
| | ***Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [1 bhliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].'*** |

Or. en

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe c d (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 29 – mír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cd) leasaítear mír 2 mar a leanas:*** |
| 2. I gcás inarb urrúis inaistrithe nó táirgí infheistíochta eile a dhéanann tagairt do thagarmharc is cuspóir do réamheolaire atá le foilsiú faoi Threoir 2003/71/CE nó faoi Threoir 2009/65/CE, déanfaidh eisitheoir, tairgeoir nó an duine a iarrann | **'**2. I gcás inarb urrúis inaistrithe nó táirgí infheistíochta eile a dhéanann tagairt do thagarmharc ***criticiúil, tagarmharc suntasach, tagarmharc tráchtearraí faoi réir Iarscríbhinn II, Tagarmharc Aistrithe Aeráide AE, Tagarmharc AE atá ailínithe*** |

| | |
|---|---|
| go ligfí isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte é a áirithiú go mbeidh ar áireamh freisin sa réamheolaire faisnéis shoiléir agus fheiceálach ***a luann cibé atá*** an tagarmharc á sholáthar ag riarthóir atá ar áireamh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 36 den Rialachán seo. | ***le Comhaontú Pháras nó Tagarmharc comhshaoil, sóisialta agus rialachais,*** is cuspóir do réamheolaire atá le foilsiú faoi Threoir 2003/71/CE nó faoi Threoir 2009/65/CE, déanfaidh eisitheoir, tairgeoir nó an duine a iarrann go ligfí isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte é a áirithiú go mbeidh ar áireamh freisin sa réamheolaire faisnéis shoiléir agus fheiceálach ***lena luaitear*** an ***bhfuil an*** tagarmharc á sholáthar ag riarthóir atá ar áireamh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 36 den Rialachán seo.*'* |

Or. en

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:02016R1011-20220101)*

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe c e (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 29 – mír 2a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ce) cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***2a. Féachfaidh riarthóirí tagarmharcanna a úsáidtear san Aontas le cód aitheantóra arna chomhaontú go domhanda a iarraidh le haghaidh gach ceann de na tagarmharcanna a sholáthraíonn siad lena n-úsáid san Aontas.'*** |

Or. en

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe b**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 32 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh ionadaí dlíthiúil ag riarthóir atá ***suite*** i dtríú tír a bhfuil sé beartaithe aige aitheantas a fháil. Is é a bheidh san ionadaí dlíthiúil duine ***nádúrtha nó*** dlítheanach atá lonnaithe san Aontas, agus arna cheapadh go sainráite ag an riarthóir sin chun gníomhú thar ceann an riarthóra sin a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí an riarthóra faoin Rialachán seo. Déanfaidh an t-ionadaí dlíthiúil, i gcomhar leis an riarthóir, an fheidhm formhaoirseachta a chomhall maidir le soláthar na dtagarmharcanna a dhéanann an riarthóir faoin Rialachán agus***, ar an gcaoi sin,*** beidh sé cuntasach do ESMA.***;*** | 3. Beidh ionadaí dlíthiúil ag riarthóir atá ***lonnaithe*** i dtríú tír a bhfuil sé beartaithe aige aitheantas a fháil. Is é a bheidh san ionadaí dlíthiúil duine dlítheanach atá lonnaithe san Aontas, agus arna cheapadh go sainráite ag an riarthóir sin chun gníomhú thar ceann an riarthóra sin a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí an riarthóra faoin Rialachán seo. Déanfaidh an t-ionadaí dlíthiúil, i gcomhar leis an riarthóir, an fheidhm formhaoirseachta a chomhall maidir le soláthar na dtagarmharcanna a dhéanann an riarthóir faoin Rialachán ***seo*** agus beidh sé cuntasach do ESMA. ***Féadfaidh ESMA beart maoirseachta a fhorchur, i gcomhréir le hAirteagal 48e, ar an ionadaí dlíthiúil agus ar an riarthóir as ceann de na sáruithe a liostaítear in Airteagal 42(1), pointe (a), nó i ndáil le haon chás de neamh-chomhoibriú nó neamhchomhlíonadh in imscrúdú nó le hiniúchadh nó iarraidh a chumhdaítear le Roinn 1 de Chaibidil 4.*** |

Or. en

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 33 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15 a) in Airteagal 33(1), leasaítear an chuid réamhráiteach mar a leanas:*** |
| 1. Riarthóir atá lonnaithe san Aontas agus atá údaraithe nó cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 34, ***nó aon eintiteas eile faoi mhaoirseacht atá lonnaithe san Aontas*** ag a bhfuil ról soiléir agus dea-shainithe laistigh de chreat rialaithe nó cuntasachta | ‘1. Riarthóir atá lonnaithe san Aontas agus atá údaraithe nó cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 34, ag a bhfuil ról soiléir agus dea-shainithe laistigh de chreat rialaithe nó cuntasachta riarthóra de chuid tríú tír atá in ann faireachán éifeachtach a dhéanamh ar |

| | |
|---|---|
| riarthóra de chuid tríú tír atá in ann faireachán éifeachtach a dhéanamh ar sholáthar tagarmhairc, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh chuig ***an údarás inniúil ábhartha á iarraidh tagarmharc*** nó fine tagarmharcanna arna soláthar i dtríú tír lena n-úsáid san Aontas ***a fhormhuiniú***, ar choinníoll go ***gcomlíontar*** na coinníollacha uile seo a leanas: | sholáthar tagarmhairc, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh chuig ***ESMA ar thagarmharc*** nó fine tagarmharcanna arna soláthar i dtríú tír ***a fhormhuiniú*** lena n-úsáid san Aontas, ar choinníoll go ***gcomhlíontar*** na coinníollacha uile seo a leanas:***'*** |

Or. en

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:02016R1011-20220101)*

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 b (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 33 – mír 3

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15b) leasaítear Airteagal 33(3) mar a leanas:*** |
| 3. Laistigh de 90 lá oibre ón iarratas ar fhormhuiniú dá dtagraítear i mír 1 a fháil, scrúdóidh an ***t-údarás inniúil ábhartha an*** t-iarratas agus glacfaidh sé cinneadh chun an formhuiniú a údarú nó a dhiúltú. ***Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra d'ÚEUM i dtaobh tagarmharc formhuinithe nó fine tagarmharcanna formhuinithe.*** | **'**3. Laistigh de 90 lá oibre ón iarratas ar fhormhuiniú dá dtagraítear i mír 1 a fháil, scrúdóidh ***ESMA*** an t-iarratas agus glacfaidh sé cinneadh chun an formhuiniú a údarú nó a dhiúltú.***'*** |

Or. en

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:02016R1011-20220101)*

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 c (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 33 – mír 6

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15c) leasaítear Airteagal 33(6) mar a leanas:*** |
| 6. I gcás ina bhfuil cúiseanna maithe ag údarás inniúil an riarthóra formhuiniúcháin ***nó an eintitis eile faoi mhaoirseacht a*** mheas nach bhfuil na coinníollacha a leagtar síos faoi mhír 1 den Airteagal seo á gcomhlíonadh a thuilleadh, beidh an chumhacht aige a ***éileamh*** ar an riarthóir formhuiniúcháin ***nó ar an eintiteas eile faoi mhaoirseacht*** scor den fhormhuiniú agus cuirfidh sé an méid sin iúl ***d'ÚEUM***. Beidh feidhm ag Airteagal 28 sa chás ***go*** ndéantar formhuiniú a scor. | *'*6. I gcás ina bhfuil cúiseanna maithe ag údarás inniúil an riarthóra formhuiniúcháin ***lena*** mheas nach bhfuil na coinníollacha a leagtar síos faoi mhír 1 den Airteagal seo á gcomhlíonadh a thuilleadh, beidh an chumhacht aige a ***cheangal*** ar an riarthóir formhuiniúcháin scor den fhormhuiniú agus cuirfidh sé an méid sin ***in*** iúl ***do ESMA***. Beidh feidhm ag Airteagal 28 sa chás ***i gcás ina*** ndéantar formhuiniú a scor.*'* |

Or. en

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:02016R1011-20220101)*

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe a**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 34 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Aon*** duine nádúrtha nó dlítheanach atá lonnaithe san Aontas ***agus*** a bhfuil sé ar intinn aige gníomhú mar riarthóir, déanfaidh sé iarratas chuig an údarás inniúil atá ainmnithe faoi Airteagal 40 den Bhallstát ina bhfuil an duine sin lonnaithe, chun go bhfaighidh an duine sin: | 1. Duine nádúrtha nó dlítheanach atá lonnaithe san Aontas a ***ghníomhaíonn nó a*** bhfuil sé ar intinn aige gníomhú mar riarthóir, déanfaidh sé iarratas chuig an údarás inniúil atá ainmnithe faoi Airteagal 40 den Bhallstát ina bhfuil an duine sin lonnaithe ***nó chuig ESMA***, chun go bhfaighidh an duine sin: |

Or. en

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe a**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 34 – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) údarú i gcás ina soláthraíonn sé innéacsanna nó i gcás ina bhfuil sé ar intinn aige iad a sholáthar, ar innéacsanna iad a úsáidtear nó atá beartaithe lena n-úsáid mar thagarmharcanna criticiúla, mar thagarmharcanna suntasacha, mar Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE ***nó*** mar Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras; | (a) údarú i gcás ina soláthraíonn sé innéacsanna nó i gcás ina bhfuil sé ar intinn aige iad a sholáthar, ar innéacsanna iad a úsáidtear nó atá beartaithe lena n-úsáid mar thagarmharcanna criticiúla, mar thagarmharcanna suntasacha, mar thagarmharcanna ***tráchtearraí faoi réir Iarscríbhinn II, mar Thagarmharcanna*** Aistrithe Aeráide AE***,*** mar Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras ***nó mar Thagarmharcanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais***; |

Or. en

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe a**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 34 – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) clárú i gcás inar eintiteas faoi mhaoirseacht é, seachas riarthóir, a sholáthraíonn innéacsanna nó a bhfuil sé ar intinn aige iad a sholáthar, ar innéacsanna iad a úsáidtear ***mar thagarmharcanna suntasacha*** nó atá beartaithe lena n-úsáid mar thagarmharcanna suntasacha, mar Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE ***nó Tagarmharcanna*** AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras, ar choinníoll nach bhfuil gníomhaíocht an tsoláthair tagarmhairc faoi chosc ag an disciplín earnálach is infheidhme i leith an eintitis faoi mhaoirseacht agus nach gcáileodh aon cheann de na hinnéacsanna a sholáthraítear mar thagarmharc criticiúil.; | (b) clárú i gcás inar eintiteas faoi mhaoirseacht é, seachas riarthóir, a sholáthraíonn innéacsanna nó a bhfuil sé ar intinn aige iad a sholáthar, ar innéacsanna iad a úsáidtear nó atá beartaithe lena n-úsáid mar thagarmharcanna suntasacha, mar Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE***, mar Thagarmharcanna*** AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras ***nó mar Thagarmharcanna comhshaoil***, ***sóisialta agus rialachais,*** ar choinníoll nach bhfuil gníomhaíocht an tsoláthair tagarmhairc faoi chosc ag an disciplín earnálach is infheidhme i leith an eintitis faoi mhaoirseacht agus nach gcáileodh aon cheann de na hinnéacsanna a sholáthraítear mar thagarmharc criticiúil.; |

Or. en

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe a a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 34 – mír 1a

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) leasaítear mír 1a mar a leanas:*** |
| 1a. I gcás ina gcáileodh ceann amháin nó níos mó de na hinnéacsanna arna soláthar ag an duine dá dtagraítear i mír 1 mar thagarmharcanna criticiúla***, faoi mar a thagraítear dóibh*** i bpointí (a) agus (c) d'Airteagal 20 (1), cuirfear an t-iarratas faoi bhráid ***ÚEUM***. | **'**1a. I gcás ina gcáileodh ceann amháin nó níos mó de na hinnéacsanna arna soláthar ag an duine dá dtagraítear i mír 1 mar thagarmharcanna criticiúla ***dá dtagraítear*** i bpointí (a) agus (c) d'Airteagal 20(1), ***nó mar thagarmharcanna suntasacha dá dtagraítear in Airteagal 24(2), (5) agus (6), nó i gcás ina mbeartaíonn an duine tagarmharcanna dá dtagraítear in Airteagal 33 a fhormhuiniú,*** cuirfear an t-iarratas faoi bhráid ***ESMA***.**'** |

Or. en

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:02016R1011-20220101)*

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe b**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 34 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. An t-iarratas dá dtagraítear i mír 1, déanfar é laistigh de 30 lá oibre ó aon chomhaontú a dhéanfaidh eintiteas faoi mhaoirseacht chun innéacs arna sholáthar ag an iarratasóir a úsáid mar thagairt ***d'***ionstraim airgeadais nó ***do chonradh*** airgeadais nó chun feidhmíocht ciste ***airgeadais*** a thomhas, nó laistigh de na | 3. An t-iarratas dá dtagraítear i mír 1, déanfar é laistigh de 30 lá oibre ó aon chomhaontú a dhéanfaidh eintiteas faoi mhaoirseacht chun innéacs arna sholáthar ag an iarratasóir a úsáid mar thagairt ***in*** ionstraim airgeadais nó ***i gconradh*** airgeadais nó chun feidhmíocht ciste ***infheistíochta*** a thomhas, nó laistigh de na |

| | |
|---|---|
| teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 24a(2) agus (3), de réir mar is infheidhme.; | teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 24a(2) agus (3), de réir mar is infheidhme.; |

Or. en

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 36 – mír 1 – pointí a go c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16a) in Airteagal 36(1), leasaítear pointí (a) go (c) mar a leanas:*** |
| 1. Bunóidh agus cothabhálfaidh ***ÚEUM*** clár poiblí ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas: | ‘1. Bunóidh agus cothabhálfaidh ***ESMA*** clár poiblí ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas: |
| (a) céannachtaí na riarthóirí atá údaraithe nó cláraithe de bhun Airteagal 34 agus na húdaráis inniúla atá freagrach as ***maoirsiú*** a dhéanamh orthu; | (a) céannachtaí na riarthóirí atá údaraithe nó cláraithe de bhun Airteagal 34***, lena n-áirítear Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) na riarthóirí sin,*** agus na húdaráis inniúla atá freagrach as ***maoirseacht*** a dhéanamh orthu; |
| (b) céannachtaí na riarthóirí a chomhlíonann coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 30(1), an liosta de thagarmharcanna dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 30(1) agus na húdaráis inniúla tríú tír atá freagrach as ***maoirsiú*** a dhéanamh orthu; | (b) céannachtaí na riarthóirí a chomhlíonann ***na*** coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 30(1), ***lena n-áirítear LEI na riarthóirí sin,*** an liosta de thagarmharcanna dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 30(1)***, lena n-áirítear uimhreacha aitheantais urrús idirnáisiúnta (ISINanna) na dtagarmharcanna sin,*** agus na húdaráis inniúla tríú tír atá freagrach as ***maoirseacht*** a dhéanamh orthu; |
| (c) céannachtaí na riarthóirí a fuair aitheantas i gcomhréir le hAirteagal 32, an liosta de thagarmharcanna dá dtagraítear in Airteagal 32(7) agus, i gcás inarb infheidhme, na húdaráis inniúla tríú tír atá freagrach as ***maoirsiú*** a dhéanamh orthu; | (c) céannachtaí na riarthóirí a fuair aitheantas i gcomhréir le hAirteagal 32, ***lena n-áirítear LEI na riarthóirí sin,*** an liosta de thagarmharcanna dá dtagraítear in Airteagal 32(7)***, lena n-áirítear ISINanna na dtagarmharcanna sin,*** agus, i gcás inarb infheidhme, na húdaráis inniúla tríú tír atá freagrach as ***maoirseacht*** a |

| | |
|---|---|
| | dhéanamh orthu;*’* |

Or. en

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:02016R1011-20220101)*

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17 – an chuid réamhráiteach**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 36 – mír 1 – pointí e go j

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) in Airteagal 36(1), cuirtear na pointí ***(e) go (j)*** seo a leanas leis: | (17) in Airteagal 36(1), cuirtear na pointí seo a leanas leis: |

Or. en

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 36 – mír 1 – pointe e

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) na tagarmharcanna atá faoi réir ráiteas arna fhoilsiú ag ESMA nó ag údarás inniúil de bhun Airteagal 24(2), agus na hipearnaisc chuig ráitis ***den sórt*** sin; | (e) na tagarmharcanna***, lena n-áirítear na ISINanna a ghabhann leo,*** atá faoi réir ráiteas arna fhoilsiú ag ESMA nó ag údarás inniúil de bhun Airteagal 24(2), agus na hipearnaisc chuig ***na*** ráitis sin; |

Or. en

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 36 – mír 1 – pointe f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) na tagarmharcanna atá faoi réir ainmniúcháin ag údaráis inniúla a dtugtar fógra fúthu do ESMA de bhun Airteagal 24(4), agus na hipearnaisc chuig ***ainmniúcháin den sórt*** sin; | (f) na tagarmharcanna***, lena n-áirítear na ISINanna a ghabhann leo,*** atá faoi réir ainmniúcháin ag údaráis inniúla a dtugtar fógra fúthu do ESMA de bhun Airteagal 24(4), agus na hipearnaisc chuig ***na hainmniúcháin*** sin; |

Or. en

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 36 – mír 1 – pointe g

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) na tagarmharcanna atá faoi réir ainmniúcháin ag ESMA, agus na hipearnaisc chuig ***ainmniúcháin den sórt*** sin; | (g) na tagarmharcanna***, lena n-áirítear na ISINanna a ghabhann leo,*** atá faoi réir ainmniúcháin ag ESMA, agus na hipearnaisc chuig ***na hainmniúcháin*** sin; |

Or. en

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 36 – mír 1 – pointe h

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) na tagarmharcanna atá faoi réir fógraí poiblí arna n-eisiúint ag ESMA agus ag údaráis inniúla de bhun Airteagal 24a(5), agus na hipearnaisc chuig fógraí poiblí ***den sórt sin.***; | (h) na tagarmharcanna***, lena n-áirítear na ISINanna a ghabhann leo,*** atá faoi réir fógraí poiblí arna n-eisiúint ag ESMA agus ag údaráis inniúla de bhun Airteagal 24a(5), agus na hipearnaisc chuig ***na*** fógraí poiblí ***sin***; |

Or. en

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 36 – mír 1 – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) an liosta de Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus de Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras atá ar fáil lena n-úsáid san Aontas; | (i) an liosta de Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus de Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras***, lena n-áirítear na ISINanna a ghabhann leo,*** atá ar fáil lena n-úsáid san Aontas; |

Or. en

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 36 – mír 1 – pointe j

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) an liosta de thagarmharcanna criticiúla***.***; | (j) an liosta de thagarmharcanna criticiúla***, lena n-áirítear na ISINanna a ghabhann leo***; |

Or. en

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 36 – mír 3 – pointe j a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ja) an liosta de Thagarmharcanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais,*** |

***lena n-áirítear na ISINanna a ghabhann leo, atá ar fáil lena n-úsáid san Aontas';***

Or. en

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 36 – mír 3 – pointe j b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(jb) an liosta de thagarmharcanna tráchtearraí faoi réir Iarscríbhinn II atá ar fáil lena n-úsáid san Aontas.*** |

Or. en

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17 a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 40 – mír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17a) leasaítear Airteagal 40(1) mar a leanas:*** |
| 1. Chun ***críoch*** an Rialacháin seo, beidh ***ÚEUM*** ina údarás inniúil le haghaidh: | **'**1. Chun ***críocha*** an Rialacháin seo, beidh ***ESMA*** ina údarás inniúil le haghaidh: |
| (a) riarthóirí tagarmharcanna criticiúla dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) d'Airteagal 20(1); | (a) riarthóirí tagarmharcanna criticiúla dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) d'Airteagal 20(1); |
| (b) riarthóirí na dtagarmharcanna dá dtagraítear in Airteagal 32**.** | (b) riarthóirí na dtagarmharcanna dá dtagraítear in Airteagal 32***;*** |
| | ***(c) riarthóirí na dtagarmharcanna atá suntasach laistigh den Aontas dá dtagraítear in Airteagal 24(2), (5) agus (6);*** |

| | |
|---|---|
| | ***(d) riarthóirí a fhormhuiníonn tagarmharcanna arna soláthar i dtríú tír i gcomhréir le hAirteagal 33.’*** |

Or. en

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:02016R1011-20220101)*

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 48e –mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19a) in Airteagal 48e(1), leasaítear an chuid réamhráiteach mar a leanas:*** |
| 1. Más rud é, i gcomhréir le hAirteagal 48i(5), go bhfaigheann ***ÚEUM*** go ndearna duine ceann de na sáruithe a liostaítear i bpointe (a) d’Airteagal 42(1), déanfaidh sé ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas: | **‘**1. Más rud é, i gcomhréir le hAirteagal 48i(5), go bhfaigheann ***ESMA*** go ndearna duine ceann de na sáruithe a liostaítear i bpointe (a) d’Airteagal 42(1), ***nó i ndáil le haon chás de neamh-chomhoibriú nó neamhchomhlíonadh in imscrúdú nó le hiniúchadh nó iarraidh a chumhdaítear le Roinn 1 den Chaibidil seo,*** déanfaidh sé ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas:***’*** |

Or. en

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:02016R1011-20220101)*

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19b (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 48f – mír 1 – fomhír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19b) in Airteagal 48f(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:*** |

| | |
|---|---|
| 1. Más rud é, i gcomhréir le hAirteagal 48i(5), go bhfaigheann ***ÚEUM*** go ndearna ***aon*** duine ceann amháin nó níos mó de na sáruithe a liostaítear i bpointe (a) d'Airteagal 42 (1), d'aon ghnó nó le faillí, glacfaidh sé cinneadh lena ngearrfar fíneáil i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo. ***Measfar go ndearnadh sárú d'aon ghnó má thagann ÚEUM ar ghnéithe oibiachtúla a léiríonn gur ghníomhaigh duine d'aon ghnó chun an sárú a dhéanamh.*** | '1. Más rud é, i gcomhréir le hAirteagal 48i(5), go bhfaigheann ***ESMA*** go ndearna duine ceann amháin nó níos mó de na sáruithe a liostaítear i bpointe (a) d'Airteagal 42(1), d'aon ghnó nó le faillí, ***nó i ndáil le haon chás de neamh-chomhoibriú nó neamhchomhlíonadh in imscrúdú nó le hiniúchadh nó iarraidh a chumhdaítear le Roinn 1 den Chaibidil seo,*** glacfaidh sé cinneadh lena ngearrfar fíneáil i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo.*'* |

Or. en

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:02016R1011-20220101)*

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 51 – mír 4c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4c. ***Áiritheoidh údaráis inniúla agus ESMA,*** maidir le ***riarthóirí tagarmharcanna a údaraíodh***, a ***cláraíodh, a formhuiníodh*** nó a ***aithníodh an [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = dáta*** chur i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo]***, go bhféadfaidh siad tairbhiú de nós imeachta simplithe i gcás ina ndéanfaidh siad iarratas ar údarú, clárú, aitheantas nó formhuiniú de bhun Airteagal 24a(1), (2), nó (3), de réir mar is infheidhme, faoin … [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo + 2 bhliain];*** | 4c. Maidir le ***húdaráis náisiúnta inniúla a bhfuil sé ar intinn acu tagarmharc arna sholáthar ag riarthóir a áiríodh i gclár ESMA an ...[dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo – 1 lá] a ainmniú***, ***agus le ESMA*** a ***bhfuil sé ar intinn aige tagarmharc a áiríodh i gclár ESMA*** nó a ***raibh a riarthóir san áireamh i gclár ESMA an ...[dáta*** chur i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh ***seo – 1 lá] a ainmniú, déanfaidh siad amhlaidh faoin ... [6 mhí ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh*** seo]**.** |
| | ***Riarthóirí tagarmharcanna a údaraíodh, a cláraíodh, a formhuiníodh nó ar tugadh aitheantas dóibh an ...[dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], coinneoidh siad an stádas sin go ceann 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an*** |

| | |
|---|---|
| | ***Rialacháin leasaithigh seo. I gcás ina ndéantar ceann amháin nó níos mó dá dtagarmharcanna a ainmniú faoin ... [laistigh de 6 mhí tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], ní bheidh sé d'oibleagáid ar na riarthóirí ainmnithe iarratas ar údarú, clárú, aitheantas ná formhuiniú a dhéanamh an athuair de bhun Airteagal 24a(1), (2), nó (3), de réir mar is infheidhme.';*** |
| | ***Riarthóirí tagarmharcanna suntasacha a údaraíodh, a cláraíodh, a formhuiníodh nó ar tugadh aitheantas dóibh an ...[dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], ní bheidh sé d'oibleagáid orthu iarratas ar údarú, clárú, aitheantas ná formhuiniú a dhéanamh an athuair de bhun Airteagal 24a(1) ) i gcás ina bhfuil ceann amháin nó níos mó dá dtagarmharcanna suntasach de bhun Airteagal 24(1)(a).'*** |

Or. en

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21 a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011
Airteagal 53 – mír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(21a) in Airteagal 53, scriostar mír 1.*** |

Or. en

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:02016R1011-20220101)*